Ollscoil na hÉireann
National University of Ireland

OLLSCOIL NA hÉIREANN

# Plean Straitéiseach 2023-2027












Fréamhaca doimhne,
léargais nua







## Comhollscoileanna OÉ
NUI Constituent Universities

**University College Dublin**
An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath
**www.ucd.ie**



**University College Cork**
Coláiste na hOllscoile, Corcaigh
**www.ucc.ie**




## Coláistí Aitheanta Ollscoil na hÉireann
Recognised Colleges OF NUI

**Royal College of Surgeons in Ireland**
Coláiste Ríoga na Máinleá in Éirinn
**www.rcsi.ie**




**Institute of Public Administration**
An Foras Riaracháin
**www.ipa.ie**



**Maynooth University**
Ollscoil Mhá Nuad
**www.maynoothuniversity.ie**



**University of Galway**
Ollscoil na Gaillimhe
**www.universityofgalway.ie**
** Coláiste Bainistíochta Óstáin na Sionainne san áireamh*



## Coláistí ceangailte leis na Comhollscoileanna
## Colleges Linked With Constituent Universities

BURREN COLLEGE OF ART

**Burren College of Art**
Coláiste Ealaíne na Boirne
**www.burrencollege.ie**



The Institute of Banking — A recognised college of UCD

**Institute of Banking**
An Institiúid Baincéireachta
**www.iob.ie**



NCAD DUBLIN

**National College of Art and Design**
Coláiste Náisúinta Ealaíne is Deartha
**www.ncad.ie**



OLLSCOIL NA hÉIREANN

# Plean Straitéiseach 2023-2027












Ollscoil na hÉireann
National University of Ireland

# Clár Ábhair


2 Réamhrá

4 Comhthéacs an Phlean Straitéisigh 2023-2027

6 Misean agus Luachanna

7 Ár mBunchlocha Straitéiseacha

10 Cumasóirí Straitéiseacha

12 Aguisín 1: Eolas faoi OÉ

14 Aguisín 2: Dul Chun Cinn i gCoinne an Phlean Straitéisigh Roimhe Seo

# Fréamhacha doimhne, léargais nua



## Tá lúcháir orainn Plean Straitéiseach Ollscoil na hÉireann 2023-2027 a chur i láthair

Le cúig bliana anuas, tá dul chun cinn mór déanta ag OÉ leis an bplean a bhí aici roimhe seo. Tá achoimre ar an dul chun cinn ceangailte leis an doiciméad seo. Gan dabht, bhí tionchar ag COVID-19 ar bhlianta deiridh an phlean roimhe seo. In ainneoin suaiteacht na paindéime, nach raibh a leithéid ann riamh roimhe, d'éirigh le OÉ toghchán Sheanad Éireann a reáchtáil, múnla nua oibre a éascú don fhoireann agus leanúint ar aghaidh ag soláthar seirbhísí ríthábhachtacha dár mball-institiúidí. Déanfaidh an athléimneacht agus an tseiftiúlacht seo freastal maith ar OÉ le linn shaolré an phlean seo.

Ba mhór againn an leibhéal rannpháirtíochta agus suime ó na páirtithe leasmhara go léir le linn dúinn ár bplean straitéiseach do 2023-27 a ullmhú. Ba mhaith le OÉ aitheantas faoi leith a thabhairt don tacaíocht, don eolas agus don saineolas a fuarthas ó chomhaltaí seachtracha Bhord Comhairleach an Phlean Straitéisigh, a thug tacaíocht don phróiseas chun an plean seo a fhorbairt sular cheadaigh Seanad OÉ i mí Eanáir 2023 é.

Tugann an plean seo léargas nua ar an méid gur féidir le OÉ a bhaint amach. Bhí róil reachtúla agus tacaíochta ag OÉ i gcónaí dár mball-institiúidí, chomh maith le lorg bríomhar domhanda trí chéimithe OÉ, agus leanfaidh sí ar aghaidh ag déanamh amhlaidh. Tá ról tábhachtach ag OÉ i sochaí agus cultúr na hÉireann. Trína cuid oibre, cuireann OÉ smaointe chun cinn agus spreagann sí díospóireachtaí i gcúrsaí oideachais, ceartas sóisialta, comhionannais agus go leor réimsí tábhachtacha eile. Leis an bplean seo, geallaimid sármhaitheas leanúnach i gcomhlíonadh ár ndualgais reatha agus anuas ar sin léirímid oscailteacht glacadh le smaointe agus deiseanna nua. Aithnítear sa phlean gur féidir agus go léireoidh OÉ ceannaireacht i réimsí eile.







Leis an bPlean Straitéiseach seo geallann OÉ

- Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiúin Aontaithe a neadú i ngach rud a dhéanaimid
- go comhfhiosach agus d’aon ghnó, bogadh go comhfhiosach i dtreo ceartas sóisialta
- tacú lenár mball-institiúidí ina dtosaíochtaí straitéiseacha
- ár mbeartais a athnuachan maidir le saincheisteanna Cearta Daonna d’Ollscoileanna a chlúdaíonn tionscadail áitiúla agus idirnáisiúnta
- feabhas a chur ar an teagmháil agus ar an tacaíocht a chuirimid ar fáil do mhic léinn sa chaoi go mbeimid ar an eolas faoi aon deacrachtaí atá acu

Is institiúid uathúil é OÉ atá fadbhunaithe, agus róil shainithe aige. Tugann ár seasamh deis dúinn agus muid ag glacadh leis an dearcadh fadtéarmach oibiachtúil atá ag teastáil chun pleanáil a dhéanamh thar na gnáth-thréimhsí d’institiúidí ardoideachais. Le linn an phlean seo, déanfaidh OÉ, in éineacht lenár mball-institiúidí, comhlachtaí náisiúnta rialtais agus comhpháirtithe idirnáisiúnta, imeachtaí a óstáil agus tuarascálacha a fhoilsiú ar thodhchaí fadtéarmach an ardoideachais, leis an bplean seo mar threoirphlean fadtéarmach. Beidh sé mar chuspóir ag an gclár seo todhchaí an ardoideachais a réamh-mheas agus b’fhéidir tionchar de réir a chéile a imirt air i gcaitheamh na n-athruithe intuartha. Ó 2023 go 2027, cuirfimid lenár bhfréamhacha agus déanfaimid iniúchadh ar réimsí nua.



**An Dr Maurice Manning**
SEANSAILÉIR





**An Dr Patrick O’Leary**
CLÁRAITHEOIR



# Comhthéacs an Phlean Straitéisigh 2023-2027



Agus an plean straitéiseach á fhorbairt, scrúdaíodh an comhthéacs agus an timpeallacht reatha. Tá roinnt athruithe tábhachtacha comhthéacsúla tar éis tarlú ón am a cuireadh le chéile an Straitéis dheireanach. Áirítear leo:

- Éifeachtaí leanúnacha agus marthanacha na paindéime domhanda ar OÉ agus a ball-institiúidí.
- Roinn nua an Rialtais (An Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta) atá dírithe ar Bhreisoideachas/Ardoideachas agus an tAire sinsearach a ghabhann leis. In éineacht leis seo, Acht an Údarais um Ard-Oideachas 2022 mar a bhaineann sé le socruithe nua rialachais dár mball-institiúidí. Tá sé seo le neadú le linn shaolré na chéad Straitéise eile. Beidh ar OÉ fanacht san airdeall ar na himpleachtaí a d'fhéadfadh a bheith ann agus machnamh a dhéanamh ar conas a d'fhéadfadh sé go mbeadh air oiriúnú.
- Méadú ar líon na n-ollscoileanna. Fágann sin go bhfuil sé níos tábhachtaí fós do gach institiúid, OÉ san áireamh, a sainiúlacht a choinneáil. Bhí tiontú suntasach freisin chuig fócas ar bhreisoideachas agus ardoideachas agus ar idirghníomhaíocht an dá cheann.
- Na forbairtí leanúnacha teagaisc agus foghlama le béim mhéadaithe ar an gclaochlú digiteach
- Athruithe suntasacha ar fhoireann OÉ. Thug siad seo dúshlán agus deis: ard-chaighdeán agus leanúnachas láidir i seirbhísí agus luachanna OÉ agus a sainiúlacht a choinneáil, agus leas a bhaint as lionsa nua freisin chun iad seo a scrúdú agus a mheas.



Tá sé tábhachtach a aithint gur dócha go mbeidh tionchar ag cúinsí athraitheacha eacnamaíocha ar staid airgeadais OÉ agus ar uaillmhianta an phlean seo, go háirithe ós rud é go bhfuil ioncam OÉ seasta den chuid is mó. Aithnítear sa phlean seo na colúin agus na cuspóirí, agus déanfar monatóireacht agus measúnú ar an seachadadh trí phleanáil oibríochta a thagann lenár gcolúin straitéiseacha.








## Grúpa Comhairleach an Phlean Straitéisigh

Ba mhaith le OÉ aitheantas a thabhairt do bhaill an Ghrúpa chomairligh as an tacaíocht, treoir agus an tionchar a bhí acu le linn phroiséas fhorbartha an Phlean Straitéisigh. Bhí a n-ionchur agus a saineolas thar a bheith luachmhar ag gach céim den phróiseas.

### Baill Ghrúpa Comhairleach an Phlean Straitéisigh

| AINM | EAGRAÍOCHT |
|---|---|
| An Dr Patrick O'Leary | OÉ |
| An Dr Tony Carey | An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath |
| An Dr Niamh Ní Shiadhail | Ollscoil Mhá Nuad |
| An Dr Ronán Ó Dubhghaill | Coláiste na hOllscoile, Corcaigh |
| Caroline Loughnane Uasal | Ollscoil na Gaillimhe |
| An tOllamh Jim Walsh | Seanad OÉ |
| An tOllamh Imelda Maher | Seanad OÉ |
| An Dr Dermot O'Mahoney | Coiste Comhairleach Infheistíochta OÉ |
| Lewis Purser Uasal | Cumann Ollscoileanna Éireann |
| Kevin Egan Uasal | Coiste Iniúchta & Riosca OÉ |
| George Burke Uasal | Mac Léinn ón Institiúid Riaracháin Phoiblí |
| An Dr Shana Cohen | TASC |
| Helen Brophy Uasal | An Foras Riaracháin |
| An Dr Marian O'Sullivan | An Foras Riaracháin |

# Misean

| | |
|---|---|
| **Nascann** OÉ a ball-institiúdí agus cuireann sí na tosaíochta straitéiseacha atá acu **chun cinn**. | Feidhmíonn OÉ chun cabhair, tacaíocht agus buntáistí a chur ar fáil do na comhollscoileanna agus na coláistí aitheanta agus iad ag soláthar a misean oideachais, taighde agus forbartha. |
| Tá OÉ **tiomanta** dá mic léinn agus dá céimithe | Tacaíonn OÉ le linn an turais ardoideachais, lena n-áirítear máithreánach, baint amach céime, cothabháil taifead iarchéime agus bailíochtú cáilíochtaí. Tacaíonn sí le mic léinn a vóta éileamh ar chlár toghchán Sheanad Éireann. Tugann Dámhactainí OÉ tacaíocht agus aitheantas d’éachtaí na mac léinn. Cuireann OÉ próisis cháilíochta chun cinn ar fud na cónaidhme. |
| Cuireann OÉ **an leas cathartha chun cinn** | Déanann OÉ an Ghaeilge, an cultúr, an tsochaí, an t-oideachas agus an dioscúrsa sibhialta a cheiliúradh agus a chur chun cinn trína cuid oibre féin agus i gcomhar le comhghleacaithe acadúla ónár mball-institiúidí.Cuireann OÉ Éire chun cinn mar thír Eorpach le raon domhanda agus sa bhaile do sholáthraithe oideachais ardchaighdeáin. |

# Luachanna

| | |
|---|---|
| Barr Feabhais | Déanann OÉ a dícheall chun barr feabhais a bhaint amach trí cultúr d’athbhreithniú leanúnach agus feabhsúchán ina próiseis agus ina seirbhísí cáilíochta agus trí dhíograis agus nuálaíocht a foirne. |
| Comhbhá | Glacann OÉ le héagsúlacht agus céilúrann sí í, gníomhaíonn sí le hionracas i gcónaí agus féachann sí chun leas na sochaí agus na timpeallachta i ngach a ndéanann sí. Freagraíonn sí dá pobal agus feabhsóidh sí cuimsiú sa timthriall straitéiseach seo. |
| Cumas a bhaint amach agus a aithint | Is mian le OÉ go ndéanfadh gach mac léinn, taighdeoir, acadóir agus ball foirne tacaíochta a lánchumas a uasmhéadú. Cuirtear OÉ é seo chun cinn trí raon de ghradaim a thacaíonn agus a cheiliúrann gach éacht a chur ar fáil. |
| Comhoibriú | Déanann OÉ comhoibriú laistigh agus lasmuigh dá cónaidhm. Féachann sí go gníomhach le comhoibrithe a aimsiú a chuireann luachanna agus spriocanna OÉ chun cinn nó a théann chun sochair an ardoideachais in Éirinn nó sa tsochaí shibhialta. Beidh comhpháirtíocht mar phríomhfhócas sa timthriall straitéiseach seo. |





# **Plean Straitéiseach 2023-2027:** Fréamhacha doimhne, léargais nua

## ÁR MBUNCHLOCHA STRAITÉISEACHA

1. Oideachas & Taighde
2. Daoine & Cultúr
3. Rannpháirtíocht & Comhpháirtíocht
4. Inbhuanaitheacht

BUNCHLOCH STRÁITÉISEACH 1

# Oideachas ⁊ Taighde 1

## CUSPÓIRÍ

1. Institiúidí OÉ a chur i láthair mar ollscoileanna dian-taighde a ghlacann le scoth an teagaisc atá bunaithe ar thaighde
2. Feabhas a chur ar ghuth na mac léinn laistigh de OÉ
3. Tacú le mic léinn a gcumas a bhaint amach ag gach leibhéal
4. A chinntiú go bhfuil na polasaithe dearbhuithe cáilíochta oiriúnach agus go leanann feabhsú cáilíochta mar thosaíocht
5. Gabháil go réamhghníomhach le próisis a bhaineann le hAitheantas Réamhfhoghlama (AR), Mion-cháilíochtaí agus, mar a thugtar air, 'carnadh' mar dhea a dhéanamch de mhiondámhachtaí in aon mhórdámhachtain amháin ar mhaithe le spreagadh tuairmí na gComhollscoileanna a chinntiú
6. Tacaíocht airgeadais a thabhairt do thaighde uaillmhianach de chaighdeán eisceachtúil agus taighde sna ball-institiúidí a cheiliúradh agus a phoibliú
7. Forbairt a dhéanamh ar a thacaíochtaí do mhic léinn ó phobail agus grúpaí a bhfuil tearciondaíocht san ardoideachas acu

BUNCHLOCH STRÁITÉISEACH 2

# Daoine ⁊ Cultúr 2

## CUSPÓIRÍ

1. Foireann den chaighdeán is airde a mhealladh, a earcú agus a choinneáil
2. Éagsúlacht phróifíle foirne OÉ a mhéadú
3. Tacaíocht a thabhairt don fhoireann maidir le forbairt phearsanta agus ghairmiúil
4. Cumas a fhorbairt chun an Ghaeilge agus an cultúr Gaelach a chur chun cinn agus tacú leo



BUNCHLOCH STRÁITÉISEACH 3

# Rannpháirtíocht 7 Comhpháirtíocht 3

## CUSPÓIRÍ

1. Straitéis chuimsitheach chumarsáide a fhorbairt. Iarracht a dhéanamh cáil inmheánach agus sheachtrach a fheabhsú, eolas ar a ndéanann OÉ a fheabhsú agus a tionchar a mhéadú
2. OÉ a shocrú chun físeanna fadtéarmacha ardoideachais a fhorbairt trí rannphairtíocht náisiúnta agus idirnáisiúnta a spreagadh san earnáil
3. Uasmhéadú a dhéanamh ar an cháil idirnáisiúnta atá ar bhranda OÉ, ar a hollscoileanna diantaighde agus ar ardoideachas na hÉireann a uasmhéadú trí rannphairtíocht, comhpháirtíocht agus comhoibriú a spreagadh
4. Tionchar an tSeanaid a mhéadú agus athbhreithniú a dhéanamh ar a chuid oibre lena chinntiú go ndéantar é a bharrfheabhsú
5. Seirbhísí ardchaighdeáin a chur ar fáil do chomhaltaí OÉ maidir le pár céime, seirbhísí doiciméad, seomraí cruinnithe agus tacaíocht chartlainne a sholáthar
6. Dul i ngleic le céimithe OÉ, céimithe oinigh, ardchéimithe agus faighteoirí gradaim chun leas a bhaint as a gcuid saineolais chun misean agus tionchar OÉ a chur chun cinn
7. Ceannasaíocht a léiriú ar shaincheisteanna daonnúla agus a bheith mar cheannaire sa cheartas sóisialta agus inbhuanaitheacht
8. Idirghníomhaíocht le heagraíochtaí seachtracha a mhéadú agus a bheith mar ambasadóir gníomhach dár n-institiúidí agus d'ardoideachas na hÉireann go hidirnáisiúnta
9. Tacú le hathchóiriú toghcháin Sheanad Éireann agus é a éascú

BUNCHLOCH STRÁITÉISEACH 4

# Inbhuanaitheacht 4

## CUSPÓIRÍ

1. Tionchar comhshaoil OÉ ar fhuinneamh agus ar dhramhaíl a ísliú agus ár dtimpeallacht thógtha stairiúil a chaomhnú agus ár n-úsáid spáis a fheabhsú
2. Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na NA (UNSDG) a leabú i ngach próiseas agus beartas
3. Acmhainní airgeadais a bhainistiú chun inbhuanaitheacht fhadtéarmach na hOllscoile a chinntiú
4. Infheistíocht a choinneáil in acmhainn teicneolaíochta faisnéise agus próisis riaracháin á gcuíchóiriú
5. Próisis toghcháin inmheánacha agus Sheanad Éireann a nuachóiriú

# Cumasóirí Straitéiseacha



Is bunriachtanais iad na cumasóirí straitéiseacha seo a leanas mar thacaíocht d'OÉ a chabhróidh léi a haidhmeanna a bhaint amach sa chéad chúig bliana eile.

## 1. Daoine

Is í an achmhainn is mó atá ag OÉ ná a foireann, a léiríonn tiomantas OÉ do cháilíocht agus na caighdeáin is airde i ngach a ndéanann sí. Is iad a pobail foirne, coistí agus geallsealbhóirí bunchloch na heagraíochta. Leanfaidh OÉ ag forbairt mar eagraíocht, ag cur béime ar chuimsiú, ar chomhoibriú agus ar mheas, agus é mar aidhm aici gach duine a spreagadh chun feabhais.

## 2. Sláinte Airgeadais

Coinníonn OÉ a sláinte airgeadais le bainistíocht stuama ar acmhainní agus cinntíonn sí go dtugann sí luach ar airgead sna seirbhísí a sholáthraíonn sí. Lorgóidh OÉ deiseanna go réamhghníomhach, ach ní trí dhochar dá hinmharthanacht fhadtéarmach.

## 3. Dea-Rialachas

Tá struchtúir rialachais láidir agus cheannródaíocha ag OÉ atá ag teacht le gach cód cleachtais. Tacaíonn an struchtúr coiste leis an Seanad. Déanfaidh OÉ athbhreithniú ar théarmaí tagartha agus ar bhallraíocht na gcoistí chun ról tábhachtach na gcoistí a choinneáil agus chun oiriúnú do riachtanais nua de réir mar a thagann siad chun cinn.

## 4. Bonneagar agus Teicneolaíocht

Is sócmhainn ollmhór iad foirgnimh OÉ agus a suíomh. I bhfianaise na srianta a bhaineann le hobair i bhfoirgneamh liostaithe, féachfaidh OÉ leis an tionchar a bhíonn ag a suíomh ar a cuid oibre a uasmhéadú, agus tionchar a cuid oibre ar an gcomhshaol a íoslaghdú. Cumasóidh an teicneolaíocht go leor de na héifeachtúlachtaí agus den inbhuanaitheacht sa phlean seo, chomh maith le go leor d'obair chomhlíonta OÉ.







## Cén cuma a bheidh ar OÉ ag deireadh an phlean seo?

D’oibrigh OÉ go dúthrachtach chun a cáil a choinneáil mar eagraíocht a chomhlíonann a róil le díograis agus gairmiúlacht iontach. Baintear é seo amach trí obair a foirne agus trí chúnamh a Seanaid. Tá ardmheas ar OÉ i measc siúd atá idirghníomhach lena seirbhísí agus lena róil i réimse an ardoideachais. Déanann OÉ ceiliúradh ar ardoideachas na hÉireann ina cuid gníomhaíochtaí go léir. Trína cuid dámhachtainí, ceiliúrann sí sármhaitheas agus tacaíonn sí le taighde ceannródaíoch. Cuireann OÉ, trína gníomhaíochtaí agus trí thacú lena ball-institiúidí, scoláireacht chun cinn in Éirinn agus go domhanda. Cothaíonn a cuid imeachtaí agus foilseacháin cultúr agus stair na hÉireann agus tugann siad ómós dóibh. Tá tuiscint mhaith ar róil Sheanad Éireann OÉ ar fud na hÉireann freisin.

Ag deireadh an phlean straitéisigh seo, beidh dearcadh níos oscailte ag OÉ. Beidh méadú tagtha ar phróifíl OÉ laistigh dá ball-institiúdí agus go seachtrach agus beidh tuiscint níos fearr ag dream níos leithne ar a ndéanann sí. Breathnófar ar OÉ mar chónaidhm d’Ollscoileanna atá gníomhach ó thaobh taighde de, a spreagann nuálaíocht agus a chuireann go dearfach le forbairt eacnamaíoch agus chultúrtha na hÉireann. Deimhneofar OÉ mar institiúid a bheidh chun tosaigh i bpleanáil thodhchaí fadtéarmach an ardoideachais. Beidh sí mar cheannaire i dtaobh saincheisteanna a bhaineann le cearta daonna agus ceartas sóisialta ar fud na hearnála. Soláthróidh sí seirbhísí d'ardchaighdeáin dá comhaltaí. Cuirfear seirbhísí d'ardchaighdeáin ar fáil dár mbaill. Beidh OÉ ar a haistear i dtreo na hinbhuanaitheachta. Beidh sé tar éis cuimsiú a chur chun cinn agus beidh guth níos láidre ag mic léinn inti. Beidh a punann dámhachtana leathnaithe aici agus tacaíocht á leanúint aici do thaighde den scoth. Ó 2023 go 2027, tógfaidh OÉ ar a fréamhacha agus déanfaidh sí iniúchadh ar léargas nua. Ag deireadh an phlean seo, beidh OÉ in áit mhaith tionchar níos mó a imirt ar an bpobal.

# **Aguisín 1:**
# Eolas faoi OÉ

## Cúlra

Bunaíodh i 1908 í, rinne Acht na nOllscoileanna, 1997 ('Acht 1997' anseo feasta) nádúr agus ról Ollscoil na hÉireann a athshainiú. Athbhunaíodh an Seanad leis, arb é comhlacht rialaithe na hOllscoile é, le comhaltas ochtar is tríocha. Faoi Acht 1997 freisin rinneadh athbhunú ar na trí Chomh-Choláistí de chuid Ollscoil na hÉireann, agus ar an gColáiste Aitheanta, Coláiste Phádraig, Maigh Nuad mar Chomh-Ollscoileanna.

Is ionann OÉ agus ceithre chomhollscoil, dhá choláiste aitheanta agus cúig choláiste de chuid comhollscoile. Tá a n-údarás rialaithe féin ag gach institiúid laistigh de chónaidhm OÉ. Is é Seanad OÉ an t-údarás rialaithe foriomlán atá ag an Ollscoil agus an Seansailéir i gceannas air.

Faoin Acht um Cháilíochtaí agus Dearbhú Cáilíochta (Oideachas agus Oiliúint), 2012 ('Acht 2012' anseo feasta) sainmhínítear an Ollscoil mar Chomhlacht Dámhachtana Ainmnithe (DAB). Mar sin, faoi Acht 2012 éilítear ar an Ollscoil socruithe dearbhaithe cáilíochta a bhunú maidir le 'soláthróirí nasctha' a sholáthraíonn cláir oideachais as a dtagann dámhachtainí na hOllscoile.

Faoi Acht 1997, tá feidhmeanna agus freagrachtaí ag Seanad Ollscoil na hÉireann maidir leis na nithe seo a leanas:

- bunriachtanais mháithreánacha a chinneadh
- athbhreithniú a dhéanamh ar ábhar agus ar theagasc na gcúrsaí
- scrúdaitheoirí seachtracha a cheapadh
- céimeanna agus cáilíochtaí eile a bhronnadh

Tá feidhmeanna reachtúla breise ag OÉ maidir le toghcháin Sheanad Éireann – Bunreacht na hÉireann, Airteagal 18(4) agus Achtanna Toghcháin an tSeanaid (Comhaltaí Ollscoile), 1937-2015, arna leasú, aithnítear OÉ mar thoghlach do Sheanad Éireann. Tá gach duine ar saoránach d'Éirinn iad agus a bhfuil céim (seachas céim oinigh) faighte acu ó Ollscoil na hÉireann i dteideal a bheith cláraithe mar thoghthóir ar chlár na dtoghthóirí OÉ. Déanann OÉ an clár seo a chothabháil agus a fhoilsiú. Tá OÉ ag moladh le fada an lá go gcuirfí i bhfeidhm an 7ú leasú ar Bhunreacht na hÉireann (1972) ach níor tharla sé sin go fóill, agus tá an status quo fós ann. Tá freagracht ar OÉ as maoiniú a chothú agus as caighdeáin agus ionracas a cuid duaiseanna acadúla agus scoláireachtaí a chothabháil agus tá freagracht ar leith uirthi tacú le foilsiú trí Ghaeilge.





## Acmhainní, róil agus freagrachtaí laethúla

Tá OÉ lonnaithe ag 49 Cearnóg Mhuirfean.

Tá 20 ball foirne ag OÉ faoi stiúir an Chláraitheora. Chomh maith lena dualgais reachtúla, comhlíonann sí na róil seo a leanas freisin:

- Soláthraíonn sí gach pár do bhronnadh na gcéimeanna trí dhámhachtainí OÉ. (>40,000 in aghaidh na bliana)
- Soláthraíonn sí seirbhísí fairsinge doiciméad iarchéime do chéimithe (>4000 in aghaidh na bliana)
- Bainistíonn sí rialacha máithreánaigh do gach institiúid agus déileálann sí le fiosrúcháin maidir le díolúine (>3000 in aghaidh na bliana)
- Tá punann dámhachtainí fairsing aici le haghaidh dámhachtainí fochéime, iarchéime agus ECA
- Tá rannóg ghníomhach fhoilsitheorachta acadúla aici
- Comhlíonann sí gach cód a bhaineann le hOllscoileanna Éireannacha
- Cloíonn sí leis na rialacha airgeadais go léir d'Ollscoileanna Éireannacha ag freagairt d'iniúchóirí seachtracha agus don Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus don Choiste um Chuntais Phoiblí
- Tá punann infheistíochta mór aici a mhaoiníonn cuid mhór dá ghníomhaíocht dámhachtainí
- Tá freastal mór ar an bpobal agus imeachtaí rialta ar siúl inti
- Soláthraíonn sí seomraí cruinnithe agus spásanna oibre i lár na cathrach dár n-institiúidí agus d'eagraíochtaí acadúla eile
- Cuireann sí leis an bplé i gCumann Ollscoileanna Éireann, sa Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta, Cáilíocht agus Cáilíochtaí Éireann agus comhlachtaí eile
- Ceapann sí saineolaithe a chuidíonn agus a thugann comhairle do Choimisiún na Scrúduithe Stáit maidir le scrúdpháipéir a fhorbairt
- Soláthraíonn sí seirbhísí dearbhaithe cáilíochta do choláistí aitheanta reatha (Coláiste Ríoga na Máinlianna in Éirinn [céimithe timpeall 2,000 in aghaidh na bliana] agus an Foras Riaracháin)
- Déanann sí monatóireacht ar dhearbhú cáilíochta san Fhoras Riaracháin arb é OÉ an comhlacht dámhachtana ainmnithe dó

# Aguisín 2:
## Dul Chun Cinn i gCoinne an Phlean Straitéisigh Roimhe Seo

Shocraigh OÉ cúig sprioc don tréimhse 2018-22:

1. Luach inléirithe a chur le comhollscoileanna OÉ, coláistí aitheanta institiúidí gaolmhara
2. Tacú le hardoideachas na hÉireann agus moladh a dhéanamh ar a son lena chur chun cinn sa bhaile agus i gcéin
3. Forbairt agus leas a bhaint as branda OÉ go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta, ar mhaithe leis na baill agus leis an earnáil i gcoitinne
4 Cur go mór le sochaí chathartha na hÉireann
5. Feabhas a chur ar bhonn scileanna OÉ agus a struchtúir tacaíochta cumasúcháin

Is é an coinníoll soiléir ar an gcuid seo agus ar dhul chun cinn an phlean cúig bliana i gcoitinne ná an cur isteach dosheachanta de bharr na paindéime COVID-19. Ó Mhárta 2020 go Feabhra 2022, ba é an tosaíocht a bhí ag OÉ ná oiriúnú don obair le linn na paindéime Domhanda. Ba mhór an obair í oiriúnú leanúnach a dhéanamh don chomhairle sláinte athraitheach agus do shainorduithe a d'éiligh obair ón mbaile agus scaradh sóisialta in OÉ Cearnóg Mhuirfean. Is samplaí ardleibhéil iad reáchtáil rathúil toghchán Sheanad Éireann, ullmhú pár (go seachtrach mar is gnách) agus tiontú chuig imeachtaí acadúla ar líne den mhéid a rinne an fhoireann le cur in oiriúint.

Tá gealltanais eiseamláireacha eile le linn an Phlean Straitéisigh roimhe seo aitheanta thíos.

---

**1. Luach inléirithe a chur le comhollscoileanna OÉ, coláistí aitheanta, institiúidí gaolmhara**

- Soláthar leanúnach seirbhísí doiciméad (táirgeadh pár agus cóipeanna dár mball-institiúidí)
- Oibriú leanúnach an chórais máithreánaigh ag cinntiú cur chuige comhsheasmhach agus freagrúil
- Athchóiriú mór ar sheomraí cruinnithe agus ar áiseanna a d'athoscail tar éis na paindéime le húsáid ag ball-institiúidí OÉ





2. **Tacaíocht a thabhairt d'Ardoideachas na hÉireann agus moladh a dhéanamh ar a son lena chur chun cinn sa bhaile agus i gcéin**

- Rinne OÉ a chéad iarratas ar chreidiúnú Cairte Erasmus+. Cé nár éirigh leis an iarratas seo, ar an drochuair, déanfaidh OÉ iarratas eile amach anseo, le togra níos forbartha maidir le hidirnáisiúnú agus straitéisí comhoibrithe.
- Sraith Seimineár Oideachais & Sochaí
    - 2020: Dea-Údarás: Peirspictíochtaí ar Rialachas Institiúideach in Ardoideachas na hÉireann: Rialachas Ardoideachais (i gcomhpháirtíocht le Cumann Ollscoileanna na hÉireann)
    - 2021: Oideachas Ollscoile na hÉireann agus Leas an Phobail

3. **Forbairt agus leas a bhaint as branda OÉ go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta, ar mhaithe leis na baill agus leis an earnáil i gcoitinne**

- Athbhreithniú agus nuashonrú leanúnach ar bheartais agus ar threoirlínte acadúla
- Athbhreithniú institiúideach ar an bhForas Riaracháin tugtha chun críche agus foilsithe

4. **Cur go mór le sochaí chathartha na hÉireann**

- Seachadadh rathúil toghcháin do Sheanad Éireann
- Foilsiú leanúnach Éigse: a Journal of Irish Studies, imleabhair XL agus XLI
- Clár comhdhálacha agus foilseachán a sheachadadh chun Deich mBliana na gCuimhneachán a chomóradh
- Comhdháil agus foilsiú chun Bunú na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair a chomóradh i gcomhar leis an Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta
- Seachadadh Léachtaí Garret FitzGerald, Léachtaí Edward Phelan, chomh maith le tabhairt isteach sraith léachtaí de hÍde agus Duais Taighde Stairiúil na hÉireann

5. **Feabhas a chur ar bhonn scileanna OÉ agus a struchtúir tacaíochta cumasúcháin**

- Aistriú go córas TFC néalbhunaithe
- Múnlaí oibre measctha forbartha
- Anailís ar bhearnaí agus dearbhú comhlíonta ina dhiaidh sin leis an gCód Rialachais d'Ollscoileanna Éireannacha




GO GREEN ROUTES
A NATURAL WAY
WOODLANDS FOR HEALTH



**Ollscoil na hÉireann**
National University of Ireland









Ollscoil na hÉireann, 49 Cearnóg Mhuirfean, Baile Átha Cliath 2, D02 V583

**T** (353 1) 439 2424 | **R** registrar@nui.ie | Ollscoil na hÉireann | @NUIMerrionSq | **www.nui.ie**